Tríú Pearsa Déach

Petra Kolmančič

focaileile

drugebesede

Aistritheoir: Séamus Mac Conmidhe

Arna chómhaoiniú ag
Clár Eoraip na Cruthaitheachta
den Aontas Eorpach

Scríobhadh cuid den chnuasach dánta *Tríú Pearsach Déach*, a d'fhoilsigh an teach foilsitheoireachta Pivec ó Maribor, ar an Fhál Carrach i nGaeltacht Dhún na nGall in Éirinn, mar chuid den chlár cónaitheachta idirnáisiúnta Focail Eile, le tacaíocht ó Eoraip na Cruthaitheachta AE, an fochlár Cultúir, atá á chomhordú ag an gcomhpháirtí Bascach Donostia Kultura, agus is é an comhpháirtí Slóivéanach sa chlár Cumann na hEalaíne Comhaimseartha X-OP.

Ba mhaith leis an údar buíochas a ghabháil le Foras na Gaeilge, an eagraíocht óstach in Éirinn, agus baill na heagraíochta Anna Ní Bhroinn agus Orlagh Ní Raghallaigh, chomh maith le comhoibrithe Association for Contemporary Art X-OP Nataša Zidarič agus Peter Tomaž Dobrila.

MEITEASTÁIS
An bheirt i gcónaí ag muirniú a chéile,
ag mealladh as a chéile
a bhfuil iontu, a mbeadh iontu, a bhfuil dúil acu ann.
Bheir siad ansin greim ar a chéile, titeann isteach ina chéile, baineann éadaí dá chéile.
Ansin buaileann siad a chéile,
le teacht ar níos mó ná a bhfuil iontu, a mbeadh iontu, a bhfuil dúil acu ann.

Tusa ar dtús a ghearrann d'eipideirm.
Chí tú go bhfuil an iliomad faoin chraiceann,
agus gur féidir na cnámha a shocrú
go randamach i gcomhcheangail úra.
Ansin déanann sé an chéad ghearradh eile,
is tig bláth ar a chneas dearg, a fhuil ghiostach ina sruth.
Leagann sé méar go héadrom ar na neascóidí goir, na cnapáin, na gearba
is na comharthaí uilig eile
de chéim
dheiridh seo
na giorrachta.

AMFAIBIAIGH
Táimid cosúil le hamfaibiaigh; corruair amuigh, ar an talamh thirim,
corruair tumtha inár seascainn inmheánacha féin.

Mothaímid sábháilte inár seascainn bhroghacha.
Bíonn rath orainn iontu.

Thig sinn a ghortú le teagmháil, noli me tangere;
agus le focail agus le féachaint, noli me legere, noli me videre.

Bíonn ár gcuid fola corruair te, corruair sioctha fuar, caolaithe corruair le uisce.
Tá seicní ar chúl chaipíní ár súl, agus péire breise caipíní

Le go dtig linn ár súile a dhruidim go teann, suas síos agus taobh go taobh.
Déanaimid suirí gan amharc ar a chéile,

ag tabhairt faoina chéile ón chúl, le go dtig linn greim a fháil
ar ár mianta agus físeanna, iad a athmhúnlú agus a shamhlú.

Ina dhiaidh imímid ár mbealach féin, nó tig, luath nó mall,
boladh an bhróin ón té a thugann fúinn,

Agus tá sin thar fulaingt, nach dtig a fhuilstean.
Táimid cosúil le hamfaibiaigh, eascairdeas gan chos gan chloigeann.

(Arna aistriú go Gaeilge ag Séamus Mac Conmidhe)